2024/1589

6.6.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1589 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meitheamh 2024

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le haonaid chomhdhlúthúcháin le haghaidh cuisniúcháin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le táirge ar cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm ina leith agus ar foilsíodh a uimhreacha tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ní mór do na Ballstáit a mheas go gcomhlíonann an táirge sin ceanglais ábhartha uile an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin. Le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún ([3]) agus Iarscríbhinn VI de, leagtar síos na ceanglais tomhais agus ríofa ábhartha maidir le haonaid chomhdhlúthúcháin.

(2) Le litir leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le M/495 an 2 Deireadh Fómhair 2013, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún.

(3) Ar bhonn iarraidh M/495 Leasú Uimh. 1 an 2 Deireadh Fómhair 2013, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán EN 13215:2015 agus is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán EN 13215:2016+A1:2020 maidir leis na dálaí tástála le haghaidh aonaid chomhdhlúthúcháin.

(4) Caighdeán comhchuibhithe EN 13215:2016+A1:2020, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe sin iarraidh M/495 Leasú Uimh. 1 an 2 Deireadh Fómhair 2013.

(5) Comhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 13215:2016+A1:2020 na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE)/2015/1095. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj)

([3]) Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2015 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le cófraí cuisniúcháin stórála tionsclaíocha, cófraí roischuisniúcháin, aonaid chomhdhlúthúcháin agus fuaraitheoirí próisis (IO L 177, 8.7.2015, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1095/oj).

(6) I dTeachtaireacht 2017/C 44/1 ([4]), d'fhoilsigh an Coimisiún teidil agus tagairtí na gcaighdeán mar aon leis na modhanna idirthréimhseacha tomhais agus ríofa chun faisnéis tacaíochta a sholáthar do mhonaróirí agus d'údaráis um fhaireachas margaidh náisiúnta maidir le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2015/1095 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1094 ón gCoimisiún ([5]) go dtí go bhfoilseofar tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dhiúltaigh an Coimisiún leaganacha a tháinig dá éis sin de na caighdeáin chéanna, seachas an caighdeán maidir leis na dálaí tástála le haghaidh aonaid chomhdhlúthúcháin. Dá bhrí sin ba cheart an Teachtaireacht sin a aisghairm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(7) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le haonaid chomhdhlúthúcháin le haghaidh cuisniúcháin, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1095, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Aisghairtear Teachtaireacht 2017/C 44/1.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le cófraí cuisniúcháin stórála tionsclaíocha, cófraí roischuisniúcháin, aonaid chomhdhlúthúcháin agus fuaraitheoirí próisis agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1094 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh cófraí cuisniúcháin stórála tionsclaíocha (IO C 44, 10.2.2017, c. 1 ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52017XC0210%2803%29)

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1094 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2015 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh cófraí cuisniúcháin stórála tionsclaíocha (IO L 177, 8.7.2015, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/1094/oj).

IARSCRÍBHINN

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 13215:2016+A1:2020 Aonaid chomhdhlúthúcháin le haghaidh cuisnithe - Dálaí rátála, lamháltais agus sonraí feidhmíocht an déantóra a chur i láthair